- Dul i mbun feachtais do mhuintir an tuaiscirt chun a vóta a úsáid ar Chonradh ar bith amach anseo.

### Ar Son AE Níos Daonlathaí

Chuaigh Sinn Féin i mbun feachtais do níos mó daonlathais agus freagrachta san AE. Ar an drochuair, is ann don easnamh daonlathais go fóill. Déantar cinntí i bhfad ón ngnáthdhuine, gan mórán scrúdain, agus ar bhealach a choscann a rannpháirtíocht ghníomhach.

Tá an bhearna idir an gnáthduine agus an Coimisiún Eorpach, Comhairle agus an Pharlaimint ag fás. Mar thoradh air ní léiríonn cinntí glactha san AE fíor-ímnithe nó riachtanais daoine.

### Leanfaidh FPEanna Shinn Féin leo AE níos daonlathaí a chur chun cinn trí:

- Fíorchlár oibre ar son níos mó daonlathais a chur chun cinn.
- Ról parlaimintí agus údarás áitiúil réigiúnach agus náisiúnta a dhaingniú.

- Mianta saoránaigh Ballstát a chosaint mar a léirítear go daonlathach sa reifreann.
- Cumhacht an Choimisiún neamhthofa agus neamhfhreagrach a laghdú.
- Measúnú a dhéanamh ar gach píosa reachtaíochta agus an tionchar a bheidh leis ar Éirinn.
- Córas liúntais parlaimintigh do FPEanna a leasú lena chinntiú go mbíonn gach speansas a éilítear tacaíthe agus go bhfoilseofar na mionsonraí iomlána uile.
- Deireadh a chur leis an gcóras ina n-éilíonn FPEanna reatha pinsean oireachtais/aireachta.



## 4 ■ Ar Son Rathúnais Inbhuanaithe Le Comhionannas

Éilíonn scála an dúshláin eacnamaíoch amach romhainn sna Eoraip agus in Éirinn cur chuige nua chun poist a chruthú agus a choinneáil, cearta oibríthe a chosaint agus chun dul i ngleic le bochtaineacht. Fud fad na hEorpa tá na billiúin á bpumpáil isteach san earnáil airgeadais ach is iad na gnáthdhaoine atá ag cailliúint a bpost agus a dtithe.

Tá an beartas eacnamaíoch AE faoi láthair fabhtach go bunúsach sa mhéid is go ndéanann sé tosaíocht d'iomáíocht margaidh thar spriocanna tábhachtacha sóisialta agus eacnamaíocha amhail fostaíocht iomlán, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Creidimid gur gá don AE athsmaoineamh a dhéanamh ar a straitéis toisc an ghéarchéim eacnamaíoch reatha agus leasa a dhaoine a chur ag croílár a chinnteoireachta. Is gá dul i bhfeidhm, mar ábhar práinneach, ar an dóigh a gcuireann beartas eacnamaíoch AE (Straitéis Liospóin 2000 agus Treoirínte Leathana Beartais Eacnamaíoch) srian ar an rialtas chun gníomhú mar gheall ar an ngéarchéim.

Leanfaidh Sinn Féin leis ag obair ar leibhéal áitiúil, leibhéal na Dála agus an AE chun réitigh inmharthana agus éifeachtach ar an ngéarchéim eacnamaíoch a chur chun cinn a athbhunaíonn rathúnas níos inbhuanaithe, le níos mó comhionannais.

### Is é a dhéanfaidh FTEanna Shinn Féin ná:

- Obair chun treoirínte beartas eacnamaíoch AE faoi láthair a athrú chun fás inbhuanaithe eacnamaíoch, fostaíocht iomlán, ceartas sóisialta agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn.
- Cur in aghaidh ardcheannas margaidh, dírialú agus léirscaoileadh agus cur chuige nua do bheartas a chur chun cinn a chinntíonn rathúnas inbhuanaithe tacaíthe ag comhionannas.
- An 'geilleagar glas' agus deiseanna nua post a chur ag croílár na forbartha eacnamaíche.

### Ar Son Cistí AE a úsáid le Poist a Chruthú

Is tosaíocht é do Shinn Féin oibríthe Éireannacha a chur chun oibre arís. Toisc an cúlú domhanda agus inphléascadh na hearnála airgeadais a chruthaíonn géarchéim sreafa airgid thirim do ghnóthaí Éireannacha, is gá do phlean téarnaimh ar bith díriú ar a chinntiú go mbeidh an bonneagar, scileanna, seirbhísí agus rochtain ar chreidiúint agus ar tacaíochtaí eile a theastaíonn uainn chun poist a shábháil agus a chruthú.

Tá roinnt eochair-réimsí ann a dtiocfadh le cistí agus cláir AE bheith ina gcuidiú chun difear a dhéanamh. Clúdaíonn Plean Téarnaimh Eacnamaíoch an Choimisiúin Eorpaigh moltaí



coincréiteacha a mbeadh spéis ar leith ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) iontu. Agus is gá dúinn cúnamh AE a uasmhéadú chun greim a fháil ar fhíor-dheiseanna le hearnálacha leis an acmhainneacht is fearr a fhorbairt, ár ngeilleagar glas go háirithe san áireamh.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Obair chun acmhainneacht cruthaithe post leis na cláir iompair agus fuinnimh AE amhail TLE (Lionraí Tras-Eorpacha), Concerto, Intelligent Energy, agus Civitas a uasmhéadú.
- Rochtain ar chistí AE chun seirbhísí leathanbhanda ar phraghas réasúnta ar ardluas i gceantair tuaithe a spreagadh.
- Rannpháirteachas sa straitéis forbartha inbhuanaithe trí thograí le tacaíocht airgeadais faoi Life+ a chur chun cinn.
- A chinntiú go bpáirtmhaoinoidh cistí AE clár athchóirithe éifeachtacht fuinnimh a thabharfadh tacaíocht dár dtionscal tógála, ag sábháil post agus ag cruthú post agus ag an am céanna ag cuidiú lenár ndualgais athraithe aeráide a chomhlíonadh agus ag dul i ngleic le bochtaineacht breosla.
- Leanúint chun tacú le meán-ghnóthaí agus gnóthaí beaga áitiúla le teacht ar mhaoiniú AE.
- Rochtain FBM ar sholáthar poiblí agus rannpháirtíocht ann a neartú trí mhéid na gconarthaí a chur in oiriúint agus an t-ualach riaracháin agus airgeadais a mhaolú trí r-sholáthar.

## Ar Son Seirbhísí Poiblí a Chosaint

Spreagann beartas eacnamaíoch reatha an AE go n-osclófar amach seirbhísí poiblí ríthábhachtacha d'íomaíocht phríobháideach ('léirscaoileadh'). Spreagann sé rialú níos laige, ag spreagadh an cineál sin mí-úsáide a chonaiceamar ar ball san earnáil baincéireachta. Is é an toradh a bhí air ná níos mó dírialaithe agus, faoi dheireadh thiar, príobháidiú seirbhísí poiblí. Mhéadaigh seo neamhionannas sóisialta le linn tréimhsí fáis eacnamaíoch go fiú. Níos bunúsaí ná sin, is iad na beartais is bunchúis le géarchéim eacnamaíoch faoi láthair.

Déanfaidh Sinn Féin a dtig leo a dhéanamh chun tacú le seirbhísí poiblí agus iad a chosaint, agus cuirfidh sé in aghaidh gach moladh do dhírialú agus príobháidiú. Rachaimid i mbun feachtais chun an ceart a thabhairt don Dáil agus don Tionól an cinneadh a dhéanamh ar cé acu na seirbhísí poiblí a bheith díolmhaithe ó íomaíocht AE agus ó rialaithe cunta stáit agus socróidh siad agus maoineoidh siad iad dá réir sin.

### Is é a dhéanfaidh FTEanna Shinn Féin ná:

- Cur in aghaidh léirscaoileadh agus príobháidiú eochairsheirbhísí poiblí (amhail oideachas agus sláinte) agus dul i mbun feachtais lena chinntiú go bhfanann a leithéid de sheirbhísí mar fhreagracht eisiach Ballstáit.
- Dul i mbun feachtais chun gur féidir le Ballstáit smacht a choinneáil ar eochairsheirbhísí “eacnamaíocha ” amhail iompar, cumarsáid, tithíocht, uisce agus seirbhísí fuinnimh.
- Cur in aghaidh iarrachtaí chun seirbhísí sláinte a chur faoi réir rialacha agus rialacháin margaidh.

## Ar Son Cearta Oibrithe a Chosaint

In ainneoin a bhfuil déanta go dtí seo, le blianta beaga anuas rinne an tAE cearta oibrithe daoine níos laige go firinneach agus bhain sé an bonn de chumas ceardchumann chun idirbheartú ar son coinníollacha níos fearr d'oibrithe. Chuir sé srian ar chumas an rialtais reachtaíocht a rith maidir le pá agus coinníollacha feabhsaithe.

Tá an tAE ag cur fostaíocht neamhdhaingean agus tuarastal níos ísle chun cinn. Tá sé ag cur oibrí in éadan oibrí eile, comhlacht in éadan comhlachta, agus tír in éadan tíre ar agus é treabhadh leis chuig íomaíochas méadaithe trí thuarastal níos ísle agus 'solúbthacht' oibrí.

Bhí Sinn Féin ar an líne tosaigh ag cur in aghaidh bogadh ar bith chun an bonn a bhaint de thuarastal agus choinníollacha oibrithe ag obair in Éirinn agus fud fad AE.

### Leanfaidh Sinn Féin le cearta oibrithe a chur chun cinn agus is é a dhéanfaimid ná:

- Troid in aghaidh athlonnú gnóthaí agus poist chuig tíortha ar thuarastal níos ísle agus a chinntiú nach féidir le comhlachtaí athlonnú chuig dlínsí laistigh den AE ar a bhonn seo.
- Dul i mbun feachtais ar son tacaíocht AE d'athoiliúint oibrithe ar imir chlabhsúr comhlachtaí tionchar orthu.
- Cur in aghaidh ionsaithe ar chearta oibrithe, amhail an méadú in uaireanta oibre atá molta.
- Leanúint ar aghaidh i mbun feachtais do “Alt

um Dhul Chun Cinn Sóisialta” mar chuid de Chonradh AE amach anseo a thabharfadh rátháíocht nach féidir le rialuithe Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa an bonn a bhaint de phá agus de choinníollacha fostaíochta.

- Troid in éadan na treochta atá ag méadú chun obair neamhbhuan a chúlú.
- Tacú le cearta comhionanna oibrithe imirceacha agus a dteaghligh, a chosnaíonn, go firinneach, cearta gach oibrí.
- Tacú le slándáil poist agus coinníollacha maithe fostaíochta in aghaidh moltaí AE chun é a dhéanamh níos éascaí daoine a bhriseadh as post agus sochair, amhail laethanta saoire agus pinsin, a laghdú;
- Troid in aghaidh laghdú sochair dífhostaíochta agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

## Ar Son Neamhionannas Eacnamaíoch agus Bochtaineacht a Dhíbirt

Tá thart ar 78 milliún duine fud fad AE (16% den daonra iomlán) i mbaol bochtaineachta. Tá an líon in Éirinn níos airde ná an méanlíon sa AE, 16.5% sa Deisceart agus 20% sa Tuaisceart. Agus dífhostaíocht ag méadú agus ioncam ag titim tá an scéal seo ag dul in olcas. Bíonn taithí neamhionannais níos láidre ag grúpaí áirithe thar ghrúpaí eile: páistí, tuismitheoirí aonaracha, daoine breacaosta, daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, daoine i ngrúpaí mionlaigh agus iad siúd ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Is mó is cosúil go mbeidh daoine atá faoi thionchar il-leithcheala i mbaol bochtaineachta.

Is é fostaíocht bealach amháin do dhaoine chun éirí amach as bochtaineacht agus gá di a bheith ina tosaíocht, agus sin ráite, is é atá i gceist le bochtaineacht ná rochtain ar thithíocht agus sheirbhísí, agus faoi dheireadh, dínit agus meas ar an duine daonna.

Formhuiníonn Sinn Féin an t-éileamh chun tosaíocht a dhéanamh de chomhtháthú sóisialta agus an troid in aghaidh bochtaineachta agus neamhionannas eacnamaíoch AE.

Thug Sinn Féin FPEanna ó Bhallstáit agus ó chúdraí polaitiúla difriúla le chéile agus bhain siad tacaíocht iontach amach do dhearbhuí i bParlaimint na hEorpa ar easpa dídean sráide ag iarraidh ar an AE agus ar Bhallstáit gníomhú ar a shon.

### Oibreoidh Sinn Féin lena chinntiú:

- Go gcuidíonn Plean Téarnaimh Eacnamaíoch Eorpach leis an tosaíocht chun deireadh a chur le bochtaineacht agus neamhionannas.
- Go mbíonn reachtaíocht uileghabhálach AE ann le cearta eacnamaíocha agus sóisialta a chosaint, agus tógáil ar dhul chun cinn déanta maidir le rochtain ar earraí agus seirbhísí.
- Go mbíonn rochtain chothrom ar chaighdeán maith seirbhísí oideachasúla sóisialta cúram leanáí agus seirbhísí sláinte, agus seirbhísí tithíochta, iompair, fuinnimh agus seirbhísí uisce.
- Go mbíonn tacaíocht níos fearr AE ann don gheilleagar sóisialta.
- Go mbíonn spriocanna AE ann chun deireadh a chur le heaspa dídine.
- Go mbíonn íosioncam ráthaithe ann chun saol díniteach do chách a chinntiú.
- Go mbíonn nasc idir pinsin agus meántuilleamh.

## Ar Son Geilleagar Tuaithe na hÉireann a Chosaint

Tá an talmhaíocht ar cheann de na tionscaddail is tábhachtaí ag Éirinn. Tá ról cultúrtha agus traidisiúnta aici i sochaí na hÉireann a fhágann go bhfuil sí ríthábhachtach d'Éirinn agus do Shinn Féin araon sa bhaile agus san AE.

Oibreoidh FPEanna Shinn Féin lenár nAire Talmhaíochta ó thuaidh, Michelle Gildernew agus lenár gcomhghleacaithe ó dheas lena chinntiú go bhfuil glór láidir daonlathach uile-Éireannach acu ag gach leibhéal san AE.

Tá a fhios againn an ní atá os comhair feirmeoirí agus feirmeoirí beaga go háirithe toisc rialúcháin AE agus oibreoidh le heagraíochtaí feirmeoireachta le go gcuirfead an imní seo in iúl don Eoraip.

### Is é a dhéanfaidh Sinn Féin ná:

- Tacú le leasuithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a fhágann go bhfuil feirmeoireacht Éireannach agus an geilleagar tuaithe níos inbhuanaithe agus níos rathúla.
- Leanúint le hobair le feirmeoirí Éireannacha chun tabhairt faoi ualach rialúcháin AE.
- Glór uile-Éireann a chur i láthair dár ngeilleagar tuaithe go háirithe i réimsí praiticiúla amhail sláinte ainmhithe.
- Cur in éadan gach plean AE a cheadaíonn barra géinathraithe (GM) le fás in Éirinn, ag cloí lenár ngealltanas ar son Éireann atá saor ó bharrá géinathraithe agus tacú le réimeas dlíteanais atá ríghin agus iomlán

a chuireann an t-ualach ar chuideachtaí agus ar fheirmeoirí a úsáideann agus sholáthraíonn barra géinathraithe.

- Feirmeoirí agus pobail tuaithe a chur ar an eolas faoi fhorbairtí AE, agus a n-idirphlé le forais AE agus le rannpháirtithe eile a éascú.
- Tacú le forbairt Páipéar Bán Tuaithe (ó Thuaidh) agus beartais ag leibhéal AE a mhúnlú ag leibhéal an AE le tacú lenár bpobail tuaithe agus lenár ngeilleagar tuaithe.

## Ar Son Iascach Éireannach a dhéanamh Inmharthana

Cháin Sinn Féin an Comhbheartas Iascaigh (CBI) ó céadtugadh isteach é. Chuir muid ina luí go seasta gurb é atá sa CBI ná mórshárú ar uiscí críche na hÉireann. Ó ghlac Éire ballraíocht leis an CEA (EEC) sa bhliain 1973 maraíodh breis agus 100 billiún d'éisc inár gcuid uiscí, ó chabhlaigh nach Éireannaigh iad den chuid is mó.

Rinneadh dochar do inbhuanaitheacht ár bpobail iascaireachta toisc gur íobraíomar cearta iascaireacht cósta ar mhaithe le buntáistí gearrthéarmacha eile a síleadh a bheadh ann. Seasfaimid lenár bpobail iascaireachta agus troidimid ar son margadh níos fearr, níos cothroime a ligfidh d'Éirinn tairbhe a bhaint as acmhainní inár gcuid farraigí agus inár bpobail tuaithe a athbheochan.

## Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin lenár n-acmhainní nádúrtha agus lenár bpobail chósta a chosaint ná:

- Obair lena chinntiú go bhfuil todhchaí inbhuanaithe dár bpobail tuaithe.
- Brú chun an CBI a idirbheartú arís chun margadh níos fearr a fháil d'Éirinn.
- Obair lenár bpobail iascaireachta lena chinntiú go gcluintear ár nglór sa Bhruiséil.
- Príomhacht cheannasacht na hÉireann a dhearbhuí i bplé faoin dóigh a mbainistítear ár n-acmhainní inár n-uiscí críche.

## Ar son Dúshlán a thabhairt do Rialacha Iomaíochta AE

Teorannaíonn rialúcháin iomaíochta AE (nó rialacha cunta stáit) ar bhealach dian na hinfheistíochtaí is féidir le Ballstát nó le rialtas réigiúnach nó áitiúil a dhéanamh ina gheilleagar féin. I mbeagán focal tá na rialacha rórighin chun bainteach stáit a cheadú nuair is gá. Tá Sinn Féin in éadan an chur chuige seo, atá bunaithe ar straitéis lochtach eacnamaíoch an AE.

Níor chóir go mbeadh an chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach chun bac a chur le hinfheistíochtaí riachtanacha sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil. Ná níos chóir do rialtais Rialacha Iomaíochta an AE a úsáid mar leithscéal éasca gan tacú le seirbhísí poiblí mar is cuí.

## Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Cur in éadan loighic an tsaormhargaidh i rialacha um chúnamh stáit an AE.
- Díolúine ó na rialacha seo a iarraidh chun athaontacht na hÉireann a chur san áireamh mar atá ceadaithe i gcás athaontacht na Gearmáine.
- Dúshlán a thabhairt d'iarraicht ar bith chun na rialacha seo AE a úsáid mar leithscéal ar easpa gníomhaíocht rialtais chun tacú le seirbhísí poiblí agus lenár dtionscadail riachtanacha agus bonneagar sóisialta.

## Ar Son Ceannasachta Éireannaí Thar Chánachas

Le blianta beaga anuas bhailigh an tAE níos mó cumhachta chun na paraiméadair a leagan inar féidir le rialtais náisiúnta agus réigiúnacha a ngeilleagair féin a oibriú, agus go háirithe, smacht a chur ar chánachas.

Tá rialacha CBL leagtha ag leibhéal an AE. Rinneadh iarrachtaí chun cáin chorparáideach a thabhairt faoi théarmaí tagartha an AE trí Chomhbhonn Comhdhlúithe Cánach Corparáidí (CBCCC). Tá seo tacaithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa, mar aon le Ballstáit sa Chomhairle Eorpach – agus ag roinnt FPEanna Éireannacha go fiú.

Creideann Sinn Féin gur chóir beartas riachtanach eacnamaíoch a rialú ag rialtais náisiúnta nó réigiúnacha atá tofa go daonlathach. Tá clú gan cháim ar FPEanna Shinn Féin maidir le ceart na hÉireann a chosaint chun a bonn féin cánach a leagan agus mar sin de ár ráta cánach corparáidí.

## Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Bheith ina dtacadóirí is láidre do cheannasacht eacnamaíoch Éireannach agus do chomhchuíbhiú cánach uile-Éireann.
- Glór na hÉireann a dhaingniú chun cur in éadan smacht níos mó AE ar cháin, comhchuíbhiú cánach ar fud an AE san áireamh.

## Ar Son Trádála Idirnáisiúnta Cothroime

Is mórfhórsa eacnamaíoch an tAE ach bhain sé úsáid as an neart seo chun clár saorthrádála a fhorchur a théann chun tairbhe corparáidí in ionad an neart a úsáid chun forbairt inmharthana a chur chun cinn. Toisc comhaontuithe saorthrádála a d'fhorchuir an tAE ní raibh tíortha i mbéal forbartha in ann cúrsa nádúrtha forbartha a leanúint a d'fhreastalódh ar an gcéad dul síos ar riachtanais a muintire.

Ar a bharr, bhí an chumhacht a bhí ag an AE chun margai trádála idirnáisiúnta a idirbheartú thar ceann gach Ballstát ag déanamh dochair d'earnálacha áirithe eacnamaíochta a mheasann an tAE a bheith níos fearr agus níos saoire má thugtar fúthu lasmuigh den AE.

## Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Iarracht a thabhairt chun na hearnálacha eacnamaíochta is mó atá i mbaol mar gheall ar dhomhandú a chosaint, agus an talmhaíocht go háirithe.
- Trádáil chothrom a chur chun cinn seachas saorthrádail gan srianta mar threoirphrionsabal chaidrimh eacnamaíochta an AE le tíortha eile.
- Dul i mbun feachtais le haghaidh tabhairt isteach cánach ar amhantraíocht airgeadra dhomhanda, amhail Cáin Tobin.

# 5 ■ Ar Son Cosaint Dhaingean Comhshaoil

Is acmhainní ríthábhachtacha iad an bhithéagsúlacht agus comhshaoil glan. Tá an dá dúshlán sin romhainn agus sinn ag plé lenár ndramhail agus le cailliúint gnáthóige, agus le deiseanna chun fuinneamh gaoithe, gréine agus tonnta a úsáid.

Is eochaircheist an comhshaoil dúinn sa Bhrúiséil agus in Strasbourg. Thug an tAE mórán de reachtaíocht dhearfach ar chosaint comhshaoil isteach a dtacaíonn Sinn Féin go gníomhach léi. Bhí baint ag Sinn Féin go háirithe leis an reachtaíocht a leanas:

- Tionchar na gceimiceán ar ár sláinte a theorannú (an Treoir REACH).
- Beartais bainistíocht dramhaíola amach anseo a mhúnlú a chuireann laghdú, athúsáid agus athchúrsáil chun cinn.
- Ag tacú le spriocanna ceangailteacha ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite le gur féidir le hÉirinn tairbhe iomlán a bhaint as ár n-acmhainní baile féideartha (an ghaoth agus na tonnta go háirithe).

Thóg Sinn Féin saincheisteanna áitiúla comhshaoil ag leibhéal an AE amhail imní grúpaí cónaitheoirí faoi láithreáin líonta talún, loisceoirí, dumpaí aispeiste agus píblíne Shell i Ros Dumhach.

Chuaigh Sinn Féin i mbun feachtais in éadan loisceoirí ar an bPoll Beag, i Ráth Cúil agus i bpobail eile ar fud na hÉireann. Ag leibhéal an AE

chuireamar in éadan iarrachtaí chun “athshlánú” seachas “diúscairt” a thabhairt ar loisceadh. Dá ndéanfaí an t-athrangú sin bheadh níos mó loisceoirí inár bpobail sa deireadh thiar.

## Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Tús áite a thabhairt do chosaint an comhshaoil trí thacú leis na leibhéil is airde caighdeáin chomhshaoil i reachtaíocht AE in Strasbourg, agus trína chinntiú go gcloíonn údaráis sa bhaile leis na caighdeáin seo.
- Tacú le ceannairí AE chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ag an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta.
- Gníomhaíocht chomhbheartaithe a chur chun cinn ar éiceachórais agus ar fhorbairt agus ar dhea-chur i bhfeidhm beartais rathúla bithéagsúlachta an AE amhail Treoracha um Éin agus Ghnáthóga agus líonra Natura 2000 de cheantair faoi chosaint.
- Gach rialúchán réimse leictreamaighnéadaigh (RLM) a athbhreithniú ag cloí le torthaí na Tuarascála Bith-thionscnaimh ar iarmhairtí sláinte mar gheall ar nochtadh méadaithe d'fhearais gan sreang.
- Glao chun rialúcháin AE a athbhreithniú le gur féidir le grúpaí leasmhara athbhreithnithe breithiúnacha ar chinntí AE a iarraidh maidir le cúrsaí comhshaoil.

## Ar Son Gnímh Phráinnigh ar Athrú Aeráide

Is é atá san Athrú Aeráide ná ceann de na dúshláin is mó roimh Éirinn agus roimh an Eoraip. Chuidigh Sinn Féin go mór le beartas AE agus le beartas Éireannach a mhúnlú. Bhíomar ag plé le saíneolaithe sa bhaile agus ar fud na hEorpa ar ghnéithe difriúla d'athrú aeráide.

Is é an cur chuige atá againn maidir le hathrú aeráide nach fadhb ó thuaidh ná ó dheas é ná fadhb Éireannach go fiú ach é a chur ina chomhthéacs idirnáisiúnta. Thug ár mballraíocht ar Choiste Sealadach um Athrú Aeráide de Pharlaimint na hEorpa faill dúinn ár smaointe a chur chun tosaigh ar gach céim den chinnteoireacht – ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus ar leibhéal an AE.

Tacaímid le reachtaíocht cheangailteach a iarrann ar an rialtas ó dheas astuithe ceaptha teasa a ghearradh ar 3% ar a laghad go bliantúil le gur féidir oibleagáid idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus thugamar tús áite don athrú aeráide inár n-ionchur sa Chlár um Rialtas ó thuaidh.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Spriocanna aeráide le bheith curtha isteach i raon réimsí beartais a iarradh.
- Cur in éadan iarrachtaí chun spriocanna a laghdú do ciorruithe astuithe déanta ag Buiséil.
- Sainordú forásach le bheith tugtha don AE a iarradh trínár ról i bParlaimint na hEorpa, i gcaibidlí aeráide domhanda amach anseo.

- Tacú le Geall Chobánhavan a dhear Cúnamh Críostaí roimh chaibidlí aeráide na NA i mí na Nollag 2009.
- Obair lena chinntiú go gcaitear go cothrom le náisiúin i mbéal forbartha agus go dtugann an tAE go leor tacaíochta dóibh le bheith páirteach le dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda chun astuithe ceaptha teasa a laghdú. Ba chóir a chur san áireamh maoiniú nua breise atá níos mó ná Cúnamh Forbartha Thar Sáile.
- Dul i mbun feachtais go háirithe ar mhaithe le hairgeadas chun dífhoraíú a stopadh agus a fhreaschur.
- Leanúint ar aghaidh chun deiseanna fuinnimh inathnuaite agus éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn mar shlí chun an geilleagar áitiúil a mhéadú agus dul i ngleic le hathrú aeráide agus le bochtaineacht breosla.
- Obair chun an sprioc AE i dtaca le éifeachtacht fuinnimh a mhéadú ar 20% faoi 2020 a dhéanamh sainordaitheach.

## Ar Son Fuinnimh atá Slán agus Inathnuaite agus in éadan Cumhachta Núicléiche


Is saincheist mhór an fuinneamh san AE agus sa bhaile. Ní mór d'fhuinneamh inathnuaite bheith ina réimse fáis d'Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, san am atá romhainn. Creideann Sinn Féin gurb é an modh is fearr chun slándáil fuinnimh a fháil d'Éirinn ná líonra fuinnimh uile-Éireann a thagann ó sholáthar baile atá inathnuaite. Is againn atá an mhóracmhainn maidir le fuinneamh inathnuaite agus ba chóir dúinn infheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí glana seo mar ábhar tosaíochta.

Tacaímid le sprioc shainordaitheach an AE de 20% maidir le húsáid fuinnimh inathnuaite faoi 2020. Diúltaímid go hiomlán do na moltaí go bhfuil ról ar bith ag fuinneamh núicléach chun astuithe carbóin na hÉireann a laghdú, toisc nach foinsé sábháilte inathnuaite é.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Tacú le hiarrachtaí chun aschur fuinnimh inathnuaite a mhéadú ar fud na hÉireann, bithbhreoslaí san áireamh nuair atá siad inmharthana ar bhonn comhshaoil agus ar bhonn sóisialta.
- Dul i mbun feachtais le haghaidh líonra fuinnimh uile-Éireann atá sholáthraíonn a dhothain agus atá inmharthana.
- Úsáid agus cur chun cinn na cumhachta núicléiche in Éirinn agus ar fud na hEorpa a dhiúltaí go soiléir agus leanúint le feachtas le haghaidh chlabhsúr Sellafield.

- Obair chun deireadh a chur le fóirdheontais AE ó ghníomhaireachtaí creidmheasa easpórtála agus ó bhainc infheistíochta poiblí le haghaidh cumhachta núicléiche.
- Dul i mbun feachtais chun dreasachtaí níos mó airgeadais agus reachtaíochta le haghaidh éifeachtacht fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite.





## 6 ■ Ar son Comhionannais, Chearta an Duine agus Saoirsí Sibhialta

Ba chóir gurb í an chloch choirnéil atá ag gach beartas AE ar Cheartas agus ar Ghnóthaí Baile ná an tsaoirse, an ceartas agus cearta an duine. Bíonn cuid mhór de bheartas reatha an AE dírithe ar fhaireachas agus ar theorainneacha ar chearta daoine- bíonn an Eoraip mar sin ina daingean nó ina stát slándála.

Is é seo an príomhfháth a chuirimid in éadan na treochoi i dtreo imeasctha Eorpaigh agus cumhachtaí póilíneachta agus breithiúnacha a lárú. Creidimid, leis, áfach gur ábhair iad do stáit cheannasacha go príomha. Le bheith bailí, ba chóir go mbeadh sé riachtanach do bhearta a bhaineann le comhchuibhiú nó comhoibriú AE go mbeadh aontóilíocht ann agus ba chóir go mbeadh sé de chuspóir acu cosaint chearta an duine a mhéadú.

Tacaíonn Sinn Féin le bearta a théann i ngleic go fírinneach le cóiriúlacht idirnáisiúnta nó a chabhraíonn le saorghluaiseacht dhlísteanaigh. Ní mór do chórais ar bith a bhaineann le comhoibriú ar fud na hEorpa maidir le póilíneacht nó bainistiú imirce bheith faoi threoir caighdeán chearta an duine agus ina dtéann cuntasaíocht riachtanach agus meicníochtaí maoirseachta leis lena chinntiú nach mí-úsáidtear iad. Ní thacaímid le córas Schengen mar chreidimid nach gcomhlíonann sé na critéir seo.

Tacaíonn Sinn Féin le reachtaíocht chuimsitheach AE chun comhionannas agus iolrachas, cearta an duine agus saoirsí sibhialta a chosaint agus a chur chun cinn. Cuirfidh ár FPEanna in eadan beart ar bith AE nach gcloíonn go hiomlán le cearta an duine agus nach gcomhlíonann dlí idirnáisiúnta.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shin Féin ná:

- An ceart chun a bheith rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an AE a chur chun cinn agus dul i mbun feachtais ar mhaithe le hinrochtaineacht iomlán agus chothrom ar na hinstitiúidí AE agus ar a áiseanna.
- Leanúint ar aghaidh ag cuidiú le mná, le daoine breacaosta, le daoine faoi mhíchumas, lucht LADT, imircigh agus iarrthóirí tearmainn lena saincheisteanna a chur os comhair lucht déanta cinntí AE agus lena chinntiú go n-éistear lena nglór san Eoraip, trí rannpháirteachas i meicníochtaí Idir-Ghrúpa agus i meicníochtaí eile.
- Tógáil ar dhul chun cinn déanta maidir leis an Treoir a chuireann i bhfeidhm an prionsabal go gcaitear go cothrom le daoine beag beann ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach.
- Tacaíocht AE do phríomhshruthú míchumais, do phromhadh míchumais, do riachtanais uile-dheartha agus don cheart chun cónaí go neamhspleách a chur chun cinn.
- Obair lena chinntiú gur féidir le daoine breacaosta gluaiseacht le saoirse laistigh den AE gan a gcearta pinsin a chailliúint.
- Tacú le 'Feachtas 50/50' de Stocaireacht na mBan Eorpach a éilíonn comhionadaíocht inscne i ngach institiúid AE. (Is ábhar bróid é go dtugaimid faoi deara go bhfuil breis agus 50% d'iarrthóirí Shinn Féin ina mná.)

- Tacú le cearta cothroma shaoránaigh LADT, le cearta chun saoirse ghluaiseachta agus sa deireadh athaontacht teaghlach trí aitheantas rannpháirtíochta, le sainmhíniú cuimsitheach an teaghlaigh i ndlí agus i mbeartas an AE, agus le haitheantas soiléir cearta cothroma daoine tras-insneacha.
- Tacú le ceart gach duine a iarrann cosaint go gcaithfear leo de réir na gcaighdeán ard céanna ar fud gach Ballstát.
- Cur in éadan coinneáil iarrthóirí tearmainn.
- Obair chun deireadh a chur le teorannú iarrthóirí tearmainn agus teifigh maidir le rochtain ar fhostaíocht.
- An ceart chun athaontacht teaghlaigh a chur chun cinn.
- Tacú le comhoibriú AE agus le comhoibriú idirnáisiúnta maidir le cúrsaí ceartais chóiriúil nuair is léir gur le leas poiblí é.
- Gan aontú chun ceannasacht náisiúnta nó maoirseacht dhaonlathach maidir le réimse ar bith ceartais a ghéilleadh agus cur in éadan iarrachtaí chun inniúlacht eisiach AE a bhunú i dtaca leis sin.
- Iniúchadh daingean a chinntiú ar gach beart AE atá molta faoi Cheartas agus Gnóthaí Baile ag leibhéal Pharlaimint na hEorpa, an Oireachtais agus an Tionóil tar éis déabhlóide, lena chinntiú go gcloíonn siad le caighdeán chearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil comhaí leordhóthanacha ann, agus gur le leas mhuintir na hÉireann iad.

## Ar Son Cearta Teanga Gaeilgeoirí

Ó bhí 2007 ann bhí an Ghaeilge mar theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis feachtas rathúil STÁDAS agus tacadóirí eile cearta Gaeilge. Cé gur chuir Sinn Féin fearadh na fáilte roimh an scéal seo

nílimid sásta glacadh leis na maoluithe agus leis na heisceachtaí a tháinig leis agus atá i bhfeidhm fós.

Cuireann Sinn Féin chun tosaigh go seasmhach gur chóir na maoluithe seo a chuireann crua orainn go fóill gnó a dhéanamh san AE trínár gcéad teanga a bhaint. Leanfaimid linn dul i mbun feachtais ar son comhionannais do Ghaeilgeoirí sna hinstiúidí AE agus ar son Gaeilgeoirí ag plé leis na hinstiúidí seo.

Úsáidimid ár dtionchar ag leibhéal an AE chun an cás a chur ar son Acht na Gaeilge sna Sé Chontae.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Leanúint linn an Ghaeilge a úsáid inár gcuid oibre agus dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí an AE chun meas a thabhairt do chearta Gaeilgeoirí.
- Brú a chur ar an Rialtas Éireannach a ghealltanais a chomhlíonadh chun go leor de líon teangairí agus aistriheoirí Gaeilge a chur ar fáil.
- An Rialtas Éireannach a spreagadh chun cúrsaí Gaeilge a fhorbairt sa Ghaeltacht atá dírithe ar theangairí agus ar aistriheoirí ó chúlraí teanga difriúla.
- Leanúint le hobair le daoine eile lena chinntiú go dtugtar eolas do scoileanna ar shlite beatha do Ghaeilgeoirí in instiúidí AE.
- Gníomhairí Gaeilge a chumhachtú ina gcuid feachtas ar son Acht na Gaeilge trí dhealagáidí a éascú le bualadh le daoine iomchuí ag leibhéal an AE.
- Comhghuaillíochtaí a thógail le gníomhairí cearta teanga dúchasáí agus mionlach ar fud an AE.

# 7

## Ar Son Neodrachta Éireannaí agus Ceartais Shóisialta Dhomhanda

Tá an tAE ag imeascadh a n-iarrachtaí míleata leo siúd de chuid chomhghuaillíocht mhíleata ECAT. Sa phróiseas seo caitear ar leataobh leasa tíortha neodracha amháil Éire. Cuireann Conradh Liospóin luas faoin bpróiseas seo.

Creideann Sinn Féin gur fearr a fhreastalaítear ar chaidrimh idirnáisiúnta agus ar cheartas agus ar shíocháin idirnáisiúnta tríd an aon fhóram iolrach cuimsitheach, na Náisiúin Aontaithe, a dhaingniú. Cé gur féidir le Ballstáit AE agus iad ag gníomhú le chéile tionchar dearfach a imirt ar chaidrimh idirnáisiúnta, ní ghlacaimid leis an gComhbheartas Iasachta agus Slándála (CBIS) atá ann faoi láthair, ná ní ghlacaimid le dlísteacht chun Comhchosaint AE a bhunú. Leoga, baineann na bearta sin an bonn d'fhorbairt na Náisiún Aontaithe agus d'ord idirnáisiúnta atá níos cirte ar bhonn sóisialta.

### Is é a dhéanfaidh FPEanna Shinn Féin ná:

- Cur in éadan an bhrú chun beartas iasachta agus cosanta i measc Bhallstáit an AE a imeascadh agus chun an Beartas seo a fho-ordú chuig ECAT, agus dul i mbun feachtais ar mhaithe le beartas iasachta neamhspleách Éireannach a athsholáthar.
- Dul i mbun feachtais maidir le Clár Ceartais Shóisialta Dhomhanda AE le béim ar Spriocanna Forbartha Mílaoise, Ceartas Trádála agus athchóiriú NA.

- Argóint a dheanamh ar son beartais fhorásaigh agus shíochánta laistigh den AE.
- Dul i mbun feachtais ar son chearta daoine faoi chois agus náisiúin gan stáit.
- Tacú le cosc ar choimhlint, faoi threoir an AE, idirghabháil díospóide, idirbheartaíocht síochána, forfheidhmiúchán síochána agus oibríochtaí coinneála síochána, toghcháin nó monatóireacht chearta an duine, agus tógáil acmhainneachta tar éis coimhlinte.
- Dul i mbun feachtais ar son forálacha a bhfuil ceangal dlí leo lena chinntiú nach sáraíonn cuideachtaí a oibríonn lasmuigh den AE cearta an duine ná nach mbaineann siad an bonn d'inbhuanaitheacht comhshaoil.
- Leanúint leis an bhfeachtas in éadan Comhaontuithe Rannpháirtíochta Eacnamaíochta, a dhéanann dochar do gheilleagair na dtíortha i mbéal forbartha, a fhorchur.
- Leanúint ar aghaidh ag úsáid Pharlaimint na hEorpa mar fhóram chun cur in éadan fhorghabháil na gCríoch Palaistíneach ag Iosrael agus chun trádáil fhabhrach AE le hIosrael a chur ar fionraí a iarraidh go dtí gcomhlíonann an stát sin go hiomlán le dlí idirnáisiúnta.